



Nodaireacht Theangeolaíoch i WordPress

Mícheál Mac Lochlainn

<https://doi.org/10.13025/sgbf-6q98>

Achoimre

Sa lá atá inniu ann, is gnáthach go mbaintear úsáid as córacha ar líne, ar a nglaohtar córais bainistíochta inneachair (CMSanna), chun láithreáin ghréasáin a chur suas agus a riaradh. Um an dtaca seo, tosach 2017, meastar (W3Techs, gan dáta) gurb é WordPress an CMS is mó úsáid ar an nGréasán (58.4%) agus go bhfuil 27.3% de láithreáin ghréasáin trí chéile bunaithe air. Cé gur féidir láithreán fóna a bhunú ar ásc lom WordPress, is féidir i bhfad níos mó a bhaint amach ach a fheidhm a leathnú le breiseáin. Mír bhreise bogearra is ea breiseán, a chuireann sainfheidhm éigin leis an bpríomhbhogearra.

Tá breiseán darb ainm Músgraí WYSIWYM WP cumtha agam féin d'fhonn feidhm shéimeantach a chur le WordPress, á chur ar a chumas brí shonrach shéimeantach a leabú, go leictreonach, sa téacs a scríobhtar i leathanaigh ghréasáin dá chuid. Is féidir tairbhe a bhaint as an márcáil leictreonach a iompraíonn an bhrí seo chun cur i láthair an téacs, idir fhísiúil agus neamhfísiúil, a riaradh ar bhonn struchtúrtha, is an struchtúr sin comhbhainteach leis an mbrí.

Breiseán modúlach is ea Músgraí WYSIWYM WP. Is féidir feidhm shéimeantach a bhaineann le haon sainfhearann a chur leis ach an modúl cuí a chumadh. Tá modúl fíorbhunúsach teangeolaíochta scríofa agam cheana féin ach ní chuireann sé seo le comhéadan WordPress ach má bheag cnaipí chun an schwa is ceannlitir bheag I Laidine (i gcomhair eipintéise is an ghuta neodraigh) agus cúpla carachtar eile a iontráil sa téacs.

Tugann an páipéar seo léargas ar shíneadh amach mhodúil theangeolaíoch a bhfuil feidhm níos leithne aige, is a chuireann ar fáil don úsáideoir cnaipí chun réimse fairsing carachtar nodaireachta teangeolaíoch a iontráil sa téacs. Carachtair aitheanta de chuid cleachtas aitheanta nodaireachta is ea iad seo go léir, agus iad scríofa de réir caighdeán aitheanta teicniúil.

Cúlra

WordPress agus TinyMCE

Córeacha ilfhóinteacha is ea WordPress (wordpress.org, gan dáta a) agus TinyMCE (tinymce.com, gan dáta). Ní mar shainuirlisí, i gcomhair na scríbhneoireachta teangeolaíche, a cumadh iad. Dá réir sin, níl sé in aigne ag an údar locht a fháil ar cheachtar acu agus níor chóir don léitheoir a mhalairt tátail a bhaint as aon ní atá ráite sa pháipéar seo.

Bogearra gréasánbhunaithe is ea WordPress. Is é sin, ní ritheann sé ar ríomhaire pearsanta an úsáideora ach ar fhreastalaí gréasáin, agus é seo ar fáil don úsáideoir tríd an Idirlíon. Foilsiú láithreán gréasáin an fheidhm atá aige. Cuireann sé comhéadan grafach ar fáil do riarthóir an láithreáin chun an láithreán a chur suas is a shíneadh amach, is gan aon ghá le scil sna ríomhtheangacha ar a bhfuil láithreáin ghréasáin bunaithe. (HTML (*Hypertext Markup Language*) mar shampla; an ríomhtheanga ina mbíonn leathanaigh ghréasáin á seachadadh go dtí an gléas léite.)

Baineann WordPress úsáid as bogearra tríú páirtí darb ainm TinyMCE chun eagarthóir físiúil an chomhéadain ghrafaigh seo a sholáthar (tinymce.com, gan dáta b). Tá TinyMCE gléasta ag lucht forbartha WordPress chun foireann bheag córacha comónta, atá cosúil le leagan maolaithe d'fhoireann córacha Microsoft Word, a chur ar fáil don úsáideoir. Mar sin féin, iad siúd a bhfuil an scil chuí acu, is féidir leo TinyMCE a ghléasadh chun an fhoireann seo a mhionathrú; chun bunchnaipí is bunroghanna a bhaint de nó chun cnaipí is roghanna sainfheidhme a chur léi (wordpress.org, gan dáta b).

WYSIWYG agus WYSIWYM

Is ann do pharaidím ar a nglaothar *What You See Is What You Get* (WYSIWYG; /wizi:wig'/) i gcúrsaí na ríomhaireachta. Deimhníonn feidhm a chloíann léi seo gur mar an gcéanna iad i gcónaí cuma mhír faisnéise (téacs nó íomhá) ar scáileán agus a cuma ar an leagan clóite. Tháinig teicneolaíochtaí WYSIWYG chun cinn sna 1980í, agus sna 1990í go háirithe, tráth go raibh an ríomhaireacht phearsanta á gnáthú i saol laethúil na ndaoine. Bhí ciall leis seo go pointe, sa mhéid is go bhfuil radharc na súl ag formhór daoine, ach chothaigh sé deacrachtaí, a phléifear ar ball. Paraidím *fhísiúil* is ea WYSIWYG. De réir sainmhínithe, tá leabú brí séimeantaí lasmuigh dá cuimse.

Ní hardán WYSIWYG é an Gréasán Domhanda, áfach (World Wide Web Consortium, 1999). Cuir i gcás an tslí go n-athraíonn cuma láithreán gréasáin nua-aimseartha de réir mar a bhíonn siad á ndearcadh ar ghléasanna éagsúla – ríomhairí deisce, gléasanna boise is gutháin phóca – agus ar an leathanach clóite. ‘Márcáileann’ HTML an fhaisnéis atá ar leathanaigh ghréasáin le clibeanna a iompraíonn brí chinnte, shonrach, shéimeantach. I riocht **lúbín uilleach-aitheantóir-lúbín uilleach** a bhíonn clibeanna HTML:

<p> i gcomhair alt, <q> i gcomhair athfhriotail agus mar sin de... Bíonn péire acu le chéile de ghnáth; ceann oscailte agus ceann dúnta: <p><q>min ar fad</q> a dúirt sé</p>. Ní leis an *gcuma* atá ar an bhfaisnéis go mbaineann na clibeanna seo (a cur i láthair) ach lena *struchtúr loighciúil* (a bhfuil ann). Rud docht is ea an struchtúr loighciúil ach rud so-athraithe is ea an cur i láthair.

Is ann do pharaidím *eile*, ar a nglaohtar *What You See Is What You Mean* (WYSIWYM; /wizi:wim'/). Leabú brí séimeantaí i dtéacs leictreonach príomhchuspóir na paraidíme seo. Ní thugtar neamhaird ar chur i láthair na faisnéise áfach, ach a mhalairt. Ní bhrúann WYSIWYM *aon* chuma shocraithe ar an bhfaisnéis. Ceadaíonn sé úsáid teicneolaíochta eile, go nglaohtar CSS (*Cascading Style Sheets*) uirthi, chun cur i láthair na faisnéise a riaradh de réir a cuid struchtúr loighciúil; á chur in oiriúint go seasmhach, de réir mar is cuí, don ardán seachadta.

Cur i gcrích pharaidím WYSIWYM

Go hachomair, tá dhá shlí chun paraidím WYSIWYM a chur i gcrích ar cháipéisí gréasáin.

Úsáid **saincharachtair** nuair is cuí. Tá na mílte carachtar téacs ar fáil le n-úsáid ar ríomhchórais nua-aimseartha, agus brí chinnte, shonrach, shéimeantach le han-chuid acu. Mar shampla:

- In ionad an ghnáthfhleiscín (-) a chlósscríobh i gcónaí tá réimse daiseanna ann, agus úsáid shonrach ag baint leo: dais-n (-), chun réimsí uimhriúla a léiriú; dais-m (—), le húsáid in ionad lúibíní nó leathstadanna; fleiscín neamhbhriseach (-), le húsáid nuair is aonad í sraith éigin téacs agus nár chóir go mbrisfí í thar dhá líne (rudaí le n-ithe, le n-ól, an t-ord mór) agus mar sin de...
- In ionad gnáth-uaschamóg dúbailte is singil (" agus ' nó " agus ') a chlósscríobh mar tháscaire orlaí is troithe, is fearr an príomha dúbailte is singil (" agus ') a úsáid.
- In ionad trí lánstad scoite (...) a chlósscríobh chun tabhairt le fios go bhfuil cuid den téacs ar lár, is fearr an focalbhá (...) a úsáid.

Úsáid **an chlib HTML** chuí. Tá réimse fairsing clibeanna ar fáil i gcaighdeán HTML, agus brí chinnte, shonrach, shéimeantach leo go léir. Mar shampla:

- In ionad *cuma* cheanteidil a chur ar ghnáth-théacs ailt (<p>), á ghléasadh le cló trom, folíne, méadú srl..., úsáidtear an chlib chuí: <h1> (ceanteideal leibhéil 1), <h2> (ceanteideal leibhéil 2), <h3> (ceanteideal leibhéil 3) agus mar sin de...
- In ionad an cló iodálach a chur ar mhír téacs leis an gclib <i>, a chiallaíonn 'iodálach' *ach* a thugann le fios go bhfuil an chuid sin den téacs scoite amach de bheagán, go séimeantach, ón gcuid eile de (Studholme, 2010), úsáidtear clib a bhfuil brí níos beachte léi: chun béim a chur uirthi, <cite> chun tabhairt le fios gur lua foinse í agus mar sin de...
- In ionad athfhriotail a mhárcáil le huaschamóga, márcáiltear é leis an gclib <q>, a thugann le fios go sonrach gur athfhriotail atá ann.

Buntáistí pharaidím WYSIWYM

Ní cur chuige teicniúil ar son chur chuige theicniúil é WYSIWYM. Go hachomair, tá dhá phríomhbhuntaiste phraiticiúla ag baint leis.

Teicneolaíochtaí cúnta: Braitheann na daill ar fhearas speisialaithe, sintéiseoirí urlabhra go háirithe, chun tairbhe a bhaint as an nGréasán Domhanda. Cuireann HTML drochscríofa, a bhfuil dul WYSIWYG air, deacrachtaí rompu seo; deacrachtaí do-sháraithe ar uairibh. Ar an taobh eile den scéal, is féidir leis an bhfearas seo tairbhe a bhaint as márcáil dhea-chumtha, shéimeantach HTML, a bhfuil mianach WYSIWYM ann, chun prosóid a nglórtha tacair a shaibhriú. Cuir i gcás an sampla simplí seo:

Cé a bhí ag léamh *Niamh* ach *Niamh*?

Léitheoirí daonna, a bhfuil radharc na súl agus eolas ginearálta maith acu, bheifí ag súil leis go dtuigfidís dhá rud gan mórán stró: gur teideal obair éigin scríofa é an chéad ‘Niamh’, á thabhairt amach ag an gcainteoir i nglór atá cuibheasach neodrach; agus gur bean éigin í an dara ‘Niamh’, a bhfuil béim á cur ag an gcainteoir ar a hainm. Ach ní hamháin go bhfuil na tuiscintí seo spleách ar eolas a bheith ag na léitheoirí ar chleachtais chlóghrafacha; ní foláir *radharc* a bheith acu ar an scáileán. Níl radharc ag sintéiseoirí urlabhra ar aon rud. Léann siad an mhárcáil lom HTML go leictreonach agus níl acu *ach* í chun meabhair a bhaint as an téacs, d’fhonn é a léamh amach i nglór sásúil. Cuir i gcás an sampla céanna, á léiriú i HTML neamhshéimeantach WYSIWYG:

<p>Cé a bhí ag léamh <i>Niamh</i> ach <i>Niamh</i>?</p>

Léireofar an dá ‘Niamh’ i gcló iodálach *ar scáileán* de thoradh an HTML seo ach, de dheasca úsáid na clibe <i> sa dá chás, níl aon idirdhealú séimeantach déanta eatarthu. Ní bheidh a fhios ag sintéiseoirí urlabhra go bhfuil béim le cur ar an dara ‘Niamh’ agus ní bheidh a fhios acu *nach* bhfuil béim le cur ar an gcéad cheann ach an oiread. Cuir é seo i gcomparáid le HTML séimeantach WYSIWYM:

<p>Cé a bhí ag léamh <cite>Niamh</cite> ach Niamh?</p>

Léireofar an dá ‘Niamh’ i gcló iodálach *ar scáileán* i gcónaí ach anois, de bharr úsáid na gclibeanna cuí, <cite> agus , beidh a fhios ag sintéiseoirí urlabhra gur ar an dara ‘Niamh’ amháin atá béim le cur agus beidh siad i gcumas prosóid a nglórtha a ghléasadh dá réir.

Aisghabháil agus mianadóireacht sonraí: Dá mhéid faisnéis a stóráiltear sa bhfearrann leictreonach, an Gréasán san áireamh, is ea is deacra a bhíonn sé an fhaisnéis sin a ionramháil is a scagadh d’fhonn míreanna *úsáideacha* faisnéise a bhaint as. Eolaíocht inti féin is ea aisghabháil sonraí ó thacair shonraí neamhstruchtúrtha,

nach bhfuil aon ghné shéimeantach ag baint leo. Go deimhin, tá obair an-soifisticiúil déanta ag leithéidí Google i ngort an chuardaigh ach tá an-chuid airgid acu chun chaitheamh uirthi. Mar sin féin, ní cúis ar bith é cumhacht áiseanna nua-aimseartha chuardaigh *gan* meiteashonraí séimeantacha a chur le cáipéisí leictreonacha ón tosach. Dá mhéid faisnéis shéimeantach atá fite-fuaite le príomhthéacs láithreán gréasáin, is ea is éifeachtaí a bheidh áiseanna cuardaigh. Chun an sampla a tugadh cheana a shíneadh, is i bhfad níos éasca atá sé gach tagairt d'oibreacha cruthaitheacha a aimsiú i márcáil shéimeantach...

```
<p>A <em>Niamh</em>, léigh <cite>Niamh</cite>. A <em>Shéadna</em>, léigh
<cite>Séadna</cite>. A <em>Sheáin</em>... féach ar <cite>Game of Thrones</cite>.</p>
```

...ná mar atá sé i márcáil neamhshéimeantach:


```
<p>A <i>Niamh</i>, léigh <i>Niamh</i>. A <i>Shéadna</i>, léigh <i>Séadna</i>. A <i>Sheáin</
i>... féach ar <i>Game of Thrones</i>.</p>
```

WordPress agus márcáil shéimeantach


Bíonn lorg WYSIWYG ar an márcáil a scríobhann WordPress faraor. Ina theannta sin, is amhlaidh go mbaineann sé mí-úsáid as na clibeanna HTML **** agus **** chun cló iodálach agus cló trom a chur ar théacs, beag beann ar an mbrí atá in ainm is a bheith á hiompar ag an ngléasadh sin. Cuirtear as do shláine shéimeantach leathanach gréasáin de chuid WordPress dá dheasca. (Mac Lochlainn, 2015).

Músgraí WYSIWYM WP

Is féidir smacht a bhreith ar fheidhm TinyMCE i WordPress, á mionathrú chun go gcloí sí go docht le paraidím WYSIWYM. Is chuige sin a cumadh an breiseán Músgraí WYSIWYM WP (Mac Lochlainn, 2016a). Baineann sé seo de chomhéadan TinyMCE na cnaipí agus roghanna a bhfuil feidhm neamhshéimeantach acu, nó a chuireann feidhm amhrasach shéimeantach i gcrích (Figiúr 1), agus fágann sé ann na cinn a bhfuil feidhm fhóna shéimeantach acu (Figiúr 2).




Figiúr 1



Figiúr 2

Dá mba í feidhm Mhúsgraí WYSIWYM WP ina hiomláine, d’fhéadfaí an comhéadan mionathraithe a úsáid chun láithreán maith séimeantach ilmheán a riaradh i gcónaí. Feidhm maidir le cló iodálach agus cló trom an t-aon easpa shuntasach a bheadh ann.

Ní thugann an breiseán neamhaird uirthi seo áfach. Cuireann sé roghchlár anuas leis an gcomhéadan (Figiúr 3), a thugann deis don úsáideoir téacs a fhormaidíú le cló iodálach nó le cló trom, agus brí oiriúnach shéimeantach ar iompar acu. Marcáileann sé an téacs leis an gclib chuí d’fhonn é seo a dhéanamh: béim (), aibhsiú (<mark>), athfhriotal (<q>), lua (<cite>), tábhachtach (), tarraingt airde () srl...




Figiúr 3

Aonáin HTML

Cé go bhfuil an scéal ag dul i bhfeabhas de réir a chéile, níl ar chumas gach ríomhchóras carachtair téacs nach mbaineann le haibítir bhunúsach an Bhéarla a láimhseáil. Tá níos mó ná aon chaighdeán amháin ann chun tacair carachtair a bhainistiú agus ní réitíonn córais a chloíann le caighdeáin éagsúla lena chéile i gcónaí. Is minic go dtruaillítear saincharachtair neamhchomónta agus carachtair aibíte a bhfuil comharthaí idirdhealaitheacha orthu dá dheasca seo. Cuireann caighdeán HTML cóir ar a nglaothar ‘aonáin charachtar’ ar fáil mar leathleigheas ar an deacracht seo. Sraith ghearr téacs is ea aonán, a léiríonn carachtar sonrach éigin. Ní bhíonn sa tsraith seo ach carachtair uimhriúla nó litreacha a bhaineann le haibítir bhunúsach an Bhéarla. Is é an t-aonán a scríobhtar sa mharcáil ach is é an carachtar combhainteach a nochtann ar scáileán.

I riocht **amparsan-cód-leathstad** a bhíonn aonáin. Mar shampla, léiríonn an t-aonán **é** mionlitir é. Tá aonáin úsáideach, mar chosaint ar thruailliú, chun carachtair i dteangacha idirnáisiúnta a scríobh ar leathanaigh ghréasáin. Scríobhann Músgráí WYSIWYM WP aonáin HTML sa mharcáil nuair is iad is oiriúnaí chun brí shéimeantach a iompar (Mac Lochlainn, 2016b); iontráil saincharachtar sa chló Gaelach mar shampla (Figiúr 4).




Figiúr 4

Modúl teangeolaíoch Mhúsgraí WYSIWYM WP

Cuireann an modúl seo roghaclár anuas le TinyMCE, agus cnaipí air d'fhonn saincharachtair a bhaineann le nodaireacht fhoirmeálta na teangeolaíochta a iontráil.

Iarbhreithniú ar luathleaganacha

Ní raibh ach dhá charachtar ag an gcéad leagan den mhodúl: an guta lárnach neamhchruinn (siombail 322 den Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta (AIF)); á léiriú ag **ə**, an *schwa*) agus an guta neas-ghar neas-tosaigh neamhchruinn (AIF 319; á léiriú ag **ɪ**, an cheannlitir bheag Laidine **I**) (Figióir 5). Forbraíodh é seo de bheagán don dara leagan de. Cuireadh **ɪ** leis, an mhionlitir Laidine íóta, mar rogha i gcomhair AIF 319. Ina theannta sin, cuireadh leis an guta oscailte tosaigh neamhchruinn (AIF 304; á léiriú ag **a**, an mhionlitir dhá stór Laidine **a**) agus an guta oscailte cúil neamhchruinn (AIF 305; á léiriú ag **ɑ**, an mhionlitir aon stór Laidine **ɑ**, ar a nglaohtar *alfa Laidine* nó *ɑ* *scripte* ar uairibh).



Figióir 5

Struchtúrú chreat an leagain nua den mhodúl

Forbairt shuntasach ar an modúl seo aidhm na hoibre reatha, á leathnú chun go gcuirfidh sé foirne iomlána, úsáideacha saincharachtar nodaireachta ar fáil dóibh siúd atá ag saothrú i ngoirt na ríomhaireachta agus na teangeolaíochta agus ar mian leo WordPress a úsáid mar ardán cáipéisíochta / foilsitheoireachta. ‘Foirne’ seachas ‘foireann’, mar ní foláir glacadh leis go bhfuil réimse cleachtas nodaireachta in úsáid sa ghort seo le fada an lá, agus go bhfuil a lorg sin le feiceáil sa chorpas. Tá nodaireacht na hAibítire Idirnáisiúnta Foghraíochta ann gan dabht ach tá sé de bhéas stairiúil ag scoláirí teangeolaíochta in Éirinn úsáid a bhaint as cleachtais nodaireachta atá cosúil léi sin, agus lena chéile, ach nach dtagann go hiomlán léi, *ná* lena chéile (Wikipedia, gan dáta a). Spreag an réimse cleachtas nodaireachta seo ceist: cad iad na cinn is cóir a chur leis an gcéad leagan eile den mhodúl?

Ní raibh aon dabht ach go mba chóir seasamh le leagan éigin den chleachtas Éireannach. Roghnaíodh an cleachtas a d’úsáid Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) i bhfoilseacháin a bhaineann leis an lárchanúint (Ó Baoill, 1986a; Ó Baoill, 1986b) ach leathnaíodh de bheagán é leis an máim bheag carachtar a chuireann an modúl ar fáil cheana. Roghnaíodh an cleachtas seo ar an mbunús go bhfuil sé in úsáid go forleathan in Éirinn i gcónaí agus go bhfuil roinnt mhaith de i gcomhroinn le cleachtais Éireannacha eile. Leathnaíodh é d’fhonn páirt-tacaíocht a thabhairt do na cleachtais eile seo.

Measadh go mba chóir seasamh le cleachtas an AIF leis, ó úsáidtear go hidirnáisiúnta é. Mar sin féin, is léir go bhfuil méid áirithe easaontais i measc lucht a úsáidte i leith gnéithe den chleachtas agus de phrionsabail na teangeolaíochta féin (Wells, 2001; University of Pennsylvania, gan dáta; Wikipedia, gan dáta b). Mar chomhréiteach, agus cé gur tugadh léargas ar nodaireacht an AIF in *An Foclóir Póca* (An Gúm, 1986: xiv), socraíodh go gcloífi le cleachtas na Vicipéide i leith a húsáide (Wikipedia, gan dáta a). Roghnaíodh an cleachtas seo, a léiríonn éagsúlachtaí suntasacha ó leagan *An Foclóir Póca*, ar an mbunús gur foilseachán reatha í an Vicipéid, go bhfuil sí tagtha go mór chun cinn mar fhoinsé tagartha, gur acmhainn gréasánbhunaithe í agus go bhfuil lucht léite suntasach aici.

Is féidir go gcuirfear tuilleadh cleachtas nodaireachta leis an modúl amach san aimsir; an cleachtas a d’úsáid Ó Raghallaigh (2014a, 2014b) mar shampla.

An Nodaireacht Éireannach (ITÉ méadaithe)

Consain

fuaim	an bhraisle aonán HTML	leathan	caol
an stop carballaithe déliopach glórach	b′		b'
an stop coguasaithe déliopach glórach	b	b	
an stop carballaithe ailbheolach glórach	d′		d'
an stop coguasaithe déadach glórach	d	d	
an achuimilteachiar-ailbheolach glórach ¹	d′z′		d'z'
an cuimilteach carballaithe liopadhéadach neamhghlórach	f′		f'
an cuimilteach coguasaithe liopadhéadach neamhghlórach	f	f	
an stop carballach glórach	ɡ′		g'
an stop coguasach glórach	ɡ	g	
an cuimilteach carballach glórach	ɣ′		γ'
an cuimilteach coguasach glórach	ɣ	γ	
an cuimilteach glotach neamhghlórach	h	h	
an stop carballach neamhghlórach	k′		k'
an stop coguasach neamhghlórach	k	k	
an neasach taobhach carballaithe ailbheolach ²	l′		l'
an neasach taobhach coguasaithe déadach ²	l	l	
an srónach carballaithe déliopach	m′		m'
an srónach coguasaithe déliopach	m	m	
an srónach carballaithe ailbheolach ²	n′		n'
an srónach coguasaithe déadach ²	n	n	
an srónach carballach	ŋ′		η'
an srónach coguasach	ŋ	η	
an stop carballaithe déliopach glórach	p′		p'
an stop coguasaithe déliopach glórach	p	p	
an cnag carballaithe ailbheol-charballach	r′		r'
an cnag coguasaithe ailbheolach	r	r	
an siosach ailbheol-charballach neamhghlórach	s′		s'
an siosach ailbheolach neamhghlórach	s	s	
an stop ailbheolach neamhghlórach	t′		t'
an stop déadach neamhghlórach	t	t	
an achuimilteach carba-ailbheolach neamhghlórach ¹	t′s′		t's'
an cuimilteach carballaithe liopadhéadach glórach	v′		v'

fuaim	an bhraisle aonán HTML	leathan	caol
an cuimilteach coguasaithe liopadhéadach glórach	v	v	
an neasach liopachoguasach glórach	w	w	
an cuimilteach carbhallach neamhghlórach	x′		x'
an cuimilteach coguasach neamhghlórach	x	x	
an siosach carba-ailbheolach glórach ¹	z′		z'
an siosach ailbheolach glórach ¹	z	z	

Nótaí mar gheall ar nodaireacht consan

- 1 Fuaimeanna a ceadaíodh sa lárchanúint chun freastail ar fhocail iasachta.
- 2 Cuimsíonn na siombailí atá comhbhainteach leis na fuaimeanna seo réimse fuaimeanna gaolmhara a bhfuil aitheantas acu san AIF mar fhuaimneanna éagsúla. Toradh is ea an simpliú seo ar an ngearradh siar a deineadh sa lárchanúint ar roinnt de na contrárthachtaí idir saghsanna éagsúla 'l'-anna, 'n'-anna agus 'r'-anna atá ar fáil i gcanúintí Chonnachta agus Chúige Uladh (Ó Baoill, 1986b: 9).

Gutaí

fuaim	an bhraisle aonán HTML	an tsiombail
an guta oscailte cúil neamhchruinn ¹	ɑ	ɑ
an guta oscailte cúil neamhchruinn fada ¹	ɑ:	ɑ:
an guta oscailte tosaigh neamhchruinn	a	a
an guta oscailte tosaigh neamhchruinn fada	a:	a:
an guta láir-oscailte tosaigh neamhchruinn	e	e
an guta láir-ghar tosaigh neamhchruinn fada	e:	e:
an guta neas-ghar neas-tosaigh neamhchruinn	i	i
an guta gar tosaigh neamhchruinn fada	i:	i:
an guta láir-oscailte cúil cruinn	o	o
an guta láir-ghar cúil cruinn fada	o:	o:
an guta neas-ghar neas-chúil cruinn	u	u
an guta gar cúil cruinn fada	u:	u:
an guta lárnach neamhchruinn	ə	ə
an guta neas-ghar neas-tosaigh neamhchruinn ²	ɪ	ɪ

Nótaí mar gheall ar nodaireacht gutaí

Idirstad is ea an tsiombail : (HTML :). Léiríonn sí fadú gutaí. Ní marc faid (:) í.

- 1 Chun idirdhealú sonracha a dhéanamh idir gutaí cairdinéalta 4 is 5. Ní bunsiombail de chuid chleachtas ITÉ í seo.
- 2 Chun eipintéis a bhfuil mianach caol inti a léiriú go sonracha. Ní bunsiombail de chuid chleachtas ITÉ í seo.

Défhoghair

	an bhraisle aonán HTML	an tsiombail
	ai	ai
	au	au
	iə	iə
	uə	uə

Nodaireacht an AIF (cleachtas na Vicipéide)

NB: Déanann nodaireacht an AIF, agus paraidím WYSIWYM dá réir, idirdhealú dianbheacht idir carachtair atá cosúil lena chéile go físiúil ach a bhfuil bríonna sonracha éagsúla leo. Dhá charachtar éagsúla iad **g** (mionlitir Laidine g) agus **g** (mionlitir Laidine g scripte) mar shampla. Dhá charachtar éagsúla iad **γ** (mionlitir Laidine gáma) agus **ʎ** (litir mhionathraithe gáma beag) leis. Is lena léiriú *i gclónna áirithe* amháin go mbaineann an chosúlacht seo de ghnáth. Aithníonn an cleachtas nodaireachta – agus an ríomhaire – an difear i gcónaí áfach.

Consain

fuaim	AIF	an bhraisle aonán HTML	leathan	caol
an stop carballaithe déliopach glórach	102	bʲ		b^j
an stop coguasaithe déliopach glórach	102	bˠ	b^v	
an stop ailbheolach carballaithe glórach ¹	104	dʲ		d^j
an stop déadach ailbheolach glórach ²	104	d̪ˠ	d^v	
an cuimilteach carballaithe liopadhéadach neamhghlórach	128	fʲ		f^j
an cuimilteach coguasaithe liopadhéadach neamhghlórach	128	fˠ	f^v	
an stop carballach glórach	108	ɟ		t
an stop coguasach glórach	110	ɡ	g	
an neasach carballach glórach	153	j		j
an cuimilteach coguasach glórach	141	ɣ	γ	
an cuimilteach glotach neamhghlórach	146	h	h	
an stop carballach neamhghlórach	107	c		c
an stop coguasach neamhghlórach	109	k	k	
an neasach taobhach ailbheol-charballach ³	155	l̠ʲ		l^j
an neasach coguasaithe déadach taobhach ²	209	l̪ˠ	l^v	
an neasach carballaithe ailbheolach taobhach	155	lʲ		l^j
an neasach coguasaithe ailbheolach taobhach	155	lˠ	l^v	
an srónach déliopach carballaithe	114	mʲ		m^j
an srónach déliopach coguasaithe	114	mˠ	m^v	
an srónach ailbheol-charballach ³	116	n̠ʲ		n^j

fuaim	AIF	an bhraisle aonán HTML	leathan	caol
an srónach coguasaithe déadach / déada-aibheolach ²	116	n̪ˠ	ŋ ^ʏ	
an srónach carballaithe aibheolach	116	nʲ		n ^j
an srónach coguasaithe aibheolach	116	nˠ	n ^ʏ	
an srónach carballach / coguasa-charballach	118	ɲ		ŋ
an srónach coguasach	119	ŋ	ŋ	
an stop déliopach carballaithe neamhghlórach	101	pʲ		p ^j
an stop déliopach coguasaithe neamhghlórach	101	pˠ	p ^ʏ	
an cnag carballaithe aibheol-charballach	124	ɾʲ		r ^j
an cnag coguasaithe aibheolach	124	ɾˠ	r ^ʏ	
an siosach carba-aibheolach neamhghlórach	134	ʃ		ʃ
an siosach aibheolach neamhghlórach	132	sˠ	s ^ʏ	
an stop aibheolach neamhghlórach	103	tʲ		t ^j
an stop déadach neamhghlórach ²	103	t̪ˠ	t ^ʏ	
an cuimilteach carballaithe liopadhéadach glórach	129	vʲ		v ^j
an cuimilteach coguasaithe liopadhéadach glórach	129	vˠ	v ^ʏ	
an neasach liopa-choguasach glórach	170	w	w	
an cuimilteach carballach neamhghlórach	138	ç		ç
an cuimilteach coguasach neamhghlórach	140	x	x	

Nótaí mar gheall ar nodaireacht consan

Litir mhionathraithe **j** beag (carballú) is ea an tsiombail ^j (ʲ).

Litir mhionathraithe **gáma** beag (coguasú) is ea an tsiombail ^ʏ (ˠ).

- 1 Níor aimsíodh aon rud i gcáipéisí na Vicipéide (Wikipedia gan dáta a; gan dáta b) a phléann, go sonrach, an difear idir an fhuaim seo agus **d^ʏ**.
- 2 Tá an tsiombail AIF á cáiliú ag an **ndroichead teaglama thíos**, an tsiombail AIF a léiríonn consain dhéadacha, atá lonnaithe díreach ina diaidh. Tá sé i nádúr carachtar teaglama iad féin a chumasc leis an gcarachtar a thagann rompu i sraith an téacs. Aon charachtar amháin *de facto* atá fágtha dá thoradh seo.
- 3 Tá an tsiombail AIF á cáiliú ag an **gcomhartha lúide teaglama thíos**, an tsiombail AIF i gcomhair urlabhraíochta aistarraingte, atá lonnaithe díreach ina diaidh. Aon charachtar amháin, *de facto*, an toradh.

Gutaí

fuaim	AIF	an bhraisle aonán HTML	an tsiombail
an guta oscailte tosaigh neamhchruinn	304	a	a
an guta oscailte tosaigh neamhchruinn fada	304	aː	a:
an guta láir-oscailte tosaigh neamhchruinn	303	ɛ	ε
an guta láir-ghar tosaigh neamhchruinn fada	302	eː	e:
an guta neas-ghar neas-tosaigh neamhchruinn	319	ɪ	ɪ
an guta gar-tosaigh neamhchruinn fada	301	iː	i:
an guta láir-oscailte cúil cruinn	306	ɔ	ɔ
an guta láir-ghar cúil cruinn fada	307	oː	o:
an guta neas-ghar neas-chúil cruinn	321	ʊ	ʊ
an guta gar cúil cruinn fada	308	uː	u:
an guta lárnach neamhchruinn	322	ə	ə

Nótaí mar gheall ar nodaireacht gutaí

Marc faid is ea an tsiombail : (AIF 503 / HTML ː). Léiríonn sí fadú gutaí. Ní hidirstad (:) í.

Défhoghair

	AIF	an bhraisle aonán HTML	an tsiombail
	301 322	iə	iə
	308 322	uə	uə
	322 301	əi	əi
	322 308	əu	əu

Siombailí eile nodaireachta

feidhm na siombaile	an tsiombail
Príomha (táscaire carbailithe sa chóras Éireannach). Ní huaschamóg shingil (‘) í seo.	' (HTML ′)
Béim phríomhúil (fortheascánach). Ní huaschamóg shingil (‘) í seo.	' (AIF 501 / HTML ˈ)
Béim thánaisteach (fortheascánach). Ní camóg (,) í seo.	, (AIF 502; HTML ˌ)
<i>Solidus</i> . Nodaireacht fhóinéimeach.	/ (HTML /)
Lúibín chearnach oscailte. Nodaireacht foghraíochta / allafónach.	[(HTML [)
Lúibín chearnach dhúinte. Nodaireacht foghraíochta / allafónach.] (HTML])

Nóta mar gheall ar na siombailí seo

Cé go bhfuil an *solidus* ar fáil go saoráideach ar mhéarchlár an ríomhaire, measadh go mba chóir é a chur le tacar carachtar an bhreiseáin. Cuireann an ríomhaire ceithre charachtar (tul)slaise ar fáil, a bhfuil an chuma ghinearálta chéanna orthu ach a bhfuil brí shéimeantach éagsúil acu: an tslais chodáin (/ HTML ⁄), an tslais roinnte (/ HTML ∕), *solidus* lánleithid (/ HTML ／) agus an *solidus* féin. Chuirfí as do shláine shéimeantach an téacs dá n-iontráilfí an ceann mí-cheart acu. Deimhníonn an breiseán go bhfuil fáil ag an úsáideoir ar an gcarachtar ceart i gcónaí. Cé go bhfuil lúibíní cearnacha ar fáil go saoráideach ar mhéarchlár an ríomhaire, agus gur furasta iad a aithint ó lúibíní eile, cuireadh le tacar carachtar an bhreiseáin iad ar aon chuma d’fhonn bunfhoireann iomlán siombailí ginearálta nodaireachta a sholáthar.

Forbheithniú ar an leagan nua den mhodúl**Roghnú carachtar**

Cuireadh trí cinn d’fho-roghchláir le roghchlár anuas an mhodúil nua: an cleachtas Éireannach, cleachtas an AIF agus ‘siombailí eile’ (Figiúr 6). Líonadh iad seo le siombailí a tugadh sna táblaí, thuas, de réir mar is cuí.

Toisc gur gnáthlitreacha Laidine iad formhór na siombailí a úsáidtear sa chleachtas Éireannach, níor cuireadh leis an gcéad fho-roghchlár ach an mám bheag carachtar dá chuid nach féidir a fháil go saoráideach ar mhéarchlár caighdeánach ríomhaire. Tá siombail an príomha, a tugadh sa tábla ‘siombailí eile nodaireachta’, thuas, san áireamh seo.

Ós amhlaidh gur saincharachtair iad roinnt mhaith de na siombailí i gcleachtas an AIF, cuireadh an tacar siombailí sin leis an dara fo-roghchlár ina iomláine.


Na siombailí a tugadh sa tábla ‘siombailí eile nodaireachta’, ach an príomha, a cuireadh leis an tríú fo-roghchlár.

An modúil in úsáid go praiticiúil


Léiríonn Figiúr 6 gabháil scáileáin den mhodúil uasghrádaithe á úsáid chun sraith fogharscríbhíne a iontráil i radharc eagarthóireachta WordPress, mar a bheadh sé á fheiceáil ag an scríbhneoir.

Léiríonn Figiúr 7 gabháil scáileáin den téacs céanna i radharc poiblí an leathanaigh, mar a bheadh sé á fheiceáil ag cuairteoirí go dtí an láithreán.


Léiríonn Figiúr 8 gabháil scáileáin de mharcáil shéimeantach HTML an leathanaigh, mar a bheadh sí á fheiceáil ag an ngléas léite.



Figiúr 6



Figiúr 7



Figiúr 8

Teorainneacha maidir le saincharachtair ar an nGréasán

Cloíann an modúl seo go docht daingean le caighdeáin chúí theicniúla chun na saincharachtair theangeolaíocha seo a léiriú ar leathanaigh ghréasáin. Ba chóir aird a tharraingt ar dheacracht bheag a bhaineann leis seo áfach: is iomaí cló nach soláthraíonn carachtair dá saghas seo. Muna bhfuil fáil ag ríomhaire an léitheora ar chló a bhfuil na carachtair seo aige, ní nochtfaidh siad ar scáileán. Deacracht aitheanta ghinearálta is ea é seo: is gnáthach foláireamh mar gheall air ar leathanaigh de chuid na Vicipéide a bhfuil saincharachtair orthu.

Mar sin féin, is fada ó aontaíodh caighdeáin theicniúla mar gheall ar léiriú tacar saibhre carachtair ar scáileáin ríomhairí agus cé nach gcloíann gach ríomhchóras leis na caighdeáin seo fós, tá an scéal ag dul i bhfeabhas de réir a chéile. Dálta na Vicipéide, ba chóir go mbeadh formhór cuairteoirí go láithreán a úsáideann an modúl seo in ann na saincharachtair teangeolaíochta a fheiceáil gan aon deacracht, ach ríomhaire (nó gléas boise) réasúnta nua-aimseartha a bheith acu.

Leabharliosta

Leabhair

An Gúm, (1986) *An Foclóir Póca*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Ó Baoill, D.P., (1986a) *Lárchanúint don Ghaeilge; Téip Léirithe*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Baoill, D.P., (1986b) *Lárchanúint don Ghaeilge; Tuarascáil Taighde*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Raghallaigh, B., (2014a) *Fuaimeanna na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Ailt

Mac Lochlainn, M., (2015) ‘Músgráí WYSIWYM WP: a Simple Plug-in to Add Semantically Meaningful Functionality to the Graphical Editor of the WordPress CMS, with Emphasis on Digitally Archiving Irish and Scottish Gaelic Texts’ in *New Review of Information Networking*, vol. 20, no. 1-2, December. 137-48. Abingdon: Taylor & Francis.

Mac Lochlainn, M., (2016b). ‘Insular Celtic Language Mark-up in WordPress.’ *Celtic Language Technology Workshop, 23rd French Conference on Natural Language Processing*, Institut national des langues et civilisations orientales, Páras, An Fhrainc.

Foinsí leictreonacha

Mac Lochlainn, M. (2016a) ‘Músgráí WYSIWYM WP 2 — Add Semantic Functionality to the WordPress Graphical Text Editor’. Le fáil ag <http://www.gaoluinn.com/teic/bogearra/músgráí-wysiwym-wp-2/index.en/> (Sroiste 28 Feabhra 2017).

Mac Lochlainn, M. (2016a) *Gaoluinn*. Le fáil ag <http://www.gaoluinn.com/> (Sroiste 28 Feabhra 2017).

- Ó Raghallaigh, B. (2014b). *Fuaimanna na Gaeilge*. Le fáil ag <http://www.fuaimanna.ie/>. (Sroiste 27 Eanáir 2017).
- Studholme, S. (2010). *The i, b, em, & strong elements*. Le fáil ag <http://html5doctor.com/i-b-em-strong-element/> (Sroiste 28 Márta 2017).
- tinymce.com. (gan dáta). *TinyMCE*. Le fáil ag <http://www.tinymce.com>. (Sroiste 10 Eanáir 2017).
- University of Pennsylvania (gan dáta) *Phonetic symbols*. Le fáil ag http://www.ling.upenn.edu/courses/Fall_2014/ling115/phonetics.html/ (Sroiste 15 Eanáir 2017).
- W3techs (gan dáta) *Usage of content management systems for websites*. Le fáil ag https://w3techs.com/technologies/overview/content_management/all/ (Sroiste 10 Eanáir 2017].
- Wells, J. C. (2001). *IPA transcription Systems for English*. Le fáil ag <http://www.phon.ucl.ac.uk/home/wells/ipa-english-uni.htm>. (Sroiste 15 Eanáir 2017).
- Wikipedia. (gan dáta a). *Help: IPA for Irish*. Le fáil ag https://en.wikipedia.org/wiki/Help:IPA_for_Irish. (Sroiste 19 Eanáir 2017).
- Wikipedia. (gan dáta b). *Semivowel*. Le fáil ag <https://en.wikipedia.org/wiki/Semivowel> (Sroiste 15 Eanáir 2017).
- Wikipedia. (gan dáta c). *Voiced dental and alveolar stops*. Le fáil ag https://en.wikipedia.org/wiki/Voiced_dental_and_alveolar_stops (Sroiste 28 Eanáir 2017).
- World Wide Web Consortium (1999) *Web Content Accessibility Guidelines 1.0*. Le fáil ag <http://www.w3.org/TR/1999/WAI-WEBCONTENT-19990505/> (Sroiste 10 Eanáir 2017).
- wordpress.org. (gan dáta a) *About WordPress*. Le fáil ag: <https://wordpress.org/about/> (Sroiste 10 Eanáir 2017).
- wordpress.org (gan dáta b) *TinyMCE Custom Buttons*. Le fáil ag: http://codex.wordpress.org/TinyMCE_Custom_Buttons#Enabling_hidden_MCE_buttons/ (Sroiste 10 Eanáir 2017).